

Do-chím gach fear acht Fiacha

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 45]

Fearghal Mhac Lughaidh

1 Do-chím gach fear acht Fiacha
eidir uaisle is airdtriatha,
's daoine gan bhéim ar a mbloidh
's a ndraoidhe féin 'na bhfochoir.

2 Do-chím a theaghlach tromdha
's a ghaol 's a lucht leanamhna,
's ní fhaicim céile na gcliar
dá bhfaicinn gléire Ghailian.

3 Do-chím ollamhuin fhóid Breagh,
do-chím cliara na gcóigeadh,
feadh comhóil in gach caithir
fá onóir 'gá n-ardfhlaithibh.

4 A lucht do-chí nó do-chluin,
an truagh libh draoithe an domhain
fá threisi 'gá ttriathaibh féin
's meisi gan Fhiachaidh ainnséin?

5 Nó an truagh libh, a lucht comtha,
do dhíoth cinn mo chobhartha
a mbí do thár oirn d'éigin
's moirn 'ga lán dom leithéidibh?

6 Nó an truagh libh mo dhán gan díol
's mo chion ag dul a ndimbríogh?
d'éis an tseisi ór slonnadh sinn
meisi an t-ollamh gan uirim.

7 Ionann bhraithim go nua a-nois
an té as treise ó taoi am égmhuis,
is an tí as éidtreise iocht
ar tí m'éignei-si a n-aoinfhiocht.

8 Ní sheachnann sluagh dá mhéad mé,
guais leam gach lucht dá loige;
am chádhos do-chuaidh caithiomh,
tárras uair nách íocfaithear.

9 Créd an diamhair-si ar ndul air?
nó an truagh nách faicim Fiachaidh
ós é do fhédfadh m'fhurtacht

is do fhégfadh m'anocracht.

10 Ní fhaicim é lé treimhsi,
a chomhrádh ní chluineim-si,
a-muigh ar tolaigh ná as-toigh;
cá conair a bhfuil Fiachaidh?

11 Créd nach faicim flaith Laighion
a measg druadh ná deóraidheadh,
ag deaghtuar teasd ná troimneirt
a measg creachshluagh gcreachoidheirc?

12 Ná a measg bandál ná brughadh,
ná mac ríogh ná ríoghcuradh
ag buain teasd a ndoibheart díobh,
a measg oireacht ná uirríogh?

13 Smacht flatha ré feadh síodha,
glés airm lé hucht móirghníomha,
uch nách cluinim far-íor uaidh
gníomh dá gcluininn an chéduair!

14 Créd nách cluinim mar do chleacht
Fiacha ag geimhleadh giall n-oirdhearc,
ná a ttús coinneadh crú deaghBhroin
ag toilleamh clú a gcaithbhearnain?

15 Ag sreathadh con ar chionn sealg,
ag deilbh chean ná ag cosg díbhearg,
ag cosg doirre sgol gan scíoth,
ná ag dol a gcoinne coigcríoch?

16 Do bhíodh againn, gach aoinfhear
do lucht dénta duanlaoidheadh,
luagh ar a nós a-nallain;
truagh nách 'na thós tárramair.

17 A chomairce 's a chosnamh,
a thionnlagadh tarbhach-san,
a rún 's a chomhrádh ré chois,
a roghrádh dún 's a dhíoghruis.

18 Ionann fa m'fhachain scíthe
a chomthaigh 's a choigcríche,
's a mair don laochruidh Laighnigh,
a chaomhthaigh 's a chomhairligh.

19 A mbí ag éagnach dá aithle
eidir chairde is chomhaighthe,

damh féin as foide leam-sa
féil broide na mbuidhean-sa.

20 Beag an chúis lúthghára leam
gach lá féile dá bhfaiceam;
mór bhflaith 's gan eision orra,
sgaith ar seiseadh saoghalda.

21 Ní mó as cúis lúthghára leam
ól fleadh ná imirt fhithcheall,
ná rith deighfheadhach sadh seang
a ndeidheanach damh ndíleann.

22 Beag thógbhuid ceó dom chroidhe,
gníomh each ná lúth laochruidhe
ar maghucht ná ar maoilinn ghloin,
ná amharc aoibhinn aonaigh.

23 Ar cheól, ar laoidh ná ar leabhar
ní fhuil m'aire ag oibriughadh,
ar ghroigh mhuirnigh ná ar cuan con,
ar fuighlibh suadh ná seanchadh.

24 Gan fhaigsin Fhiacha ní fhuil
séd dá áille ar druim domhain,
ceól sídh ná seanchos feasa,
bheanfas dínn an doilgheas-sa.

25 Ní fhéduim, an uair do-chím,
gan chor gach ní a neimbrígh;
grádh na n-aogheadh ós gach fhear,
gach aoinfhear slán acht seisean.

26 Truagh nách cluin mo chuid cridhe
mur táim lé headh n-aimsire,
d'éis loighe dom aigneadh air
gan chaidreamh oile d'iarraidh.

27 D'iath Laighion as dúthchus damh,
dó san chaill-sin do-chuamar,
lé neach dhíbh níor threabh mo thoil;
do-chím gach fear acht Fiachaidh.